# CINNTÍ

## CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/701 ÓN gCOIMISIÚN

**an 27 Aibreán 2021**

**lena gceartaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/665/AE maidir le clár Eorpach na gcineálacha údaraithe feithiclí iarnróid**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach ([1]), agus go háirithe Airteagal 48(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/665/AE ([2]) ón gCoimisiún le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/776 ([3]) a mhéid a bhaineann le hailíniú le Treoir (AE) 2016/797 agus cur chun feidhme na gcuspóirí sonracha a leagtar amach i gCinneadh Tarmligthe (AE) 2017/1474 ón gCoimisiún ([4]).

(2) Tá roinnt earráidí i dTábla 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/665/AE, eadhon, níor cheart roinnt de na paraiméadair i gclár Eorpach na gcineálacha údaraithe feithiclí iarnróid a bheith infheidhme maidir le vaigíní lastais.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/665/AE a cheartú.

(4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste dá dtagraítear in Airteagal 51(1) de Threoir (AE) Uimh. 2016/797,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Ceartaítear Tábla 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2011/665 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

([1]) IO L 138, 26.5.2016, lch. 44.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 4 Deireadh Fómhair 2011 maidir le clár Eorpach na gcineálacha údaraithe feithiclí iarnróid (IO L 264, 8.10.2011, lch. 32).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/776 an 16 Bealtaine 2019 ón gCoimisiún lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 321/2013, (AE) Uimh. 1299/2014, (AE) Uimh. 1301/2014, (AE) Uimh 1302/2014, (AE) Uimh. 1303/2014 agus (AE) 2016/919 ón gCoimisiún agus Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/665/AE maidir le hailíniú le Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus cur chun feidhme na gcuspóirí sonracha a leagtar amach i gCinneadh Tarmligthe (AE) 2017/1474 (IO L 139I , 27.5.2019, lch. 108) ón gCoimisiún.

([4]) Cinneadh Tarmligthe (AE) 2017/1474 ón gCoimisiún an 8 Meitheamh 2017 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cuspóirí sonracha i ndáil le sonraíochtaí teicniúla idir-inoibritheachta a dhréachtú, a ghlacadh agus a athbhreithniú (IO L 210, 15.8.2017, lch. 5).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27 Aibreán 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

I dTábla 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/665/AE, cuirtear an méid seo a leanas in ionad línte ina bhfuil na paraiméadair a bhfuil uimhreacha 4.5.2 go 4.8.6 orthu:

| Paraiméadar | | Formáid na sonraí | Infheidhmeacht maidir le catagóirí feithiclí [Tá, Níl, Inroghnaithe, Gan Réiteach] | | | | Paraiméadair le haghaidh comhoiriúnacht theicniúil idir an Fheithicil agus an líonra/na líonraí úsáide |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | 1. Feithiclí tarraingthe | 2. Feithiclí tarlaithe do phaisinéirí | 3. Vaigíní lastais | 4. Feithiclí speisialta | |
| "**4.5.2** | **Mais deartha** | **Ceannteideal [gan sonraí]** | | | | | |
| 4.5.2.1 | Mais deartha in ord reatha | [uimhir] kg | T | T | N | T | T |
| 4.5.2.2 | Mais deartha an ghnáthphálasta | [uimhir] kg | T | T | N | T | T |
| 4.5.2.3 | Mais deartha an ghnáthphálasta eisceachtúil | [uimhir] kg | T | T | N | T | T |
| **4.5.3** | **Marbhualach acastóra** | **Ceannteideal [gan sonraí]** | | | | | |
| 4.5.3.1 | Marbhualach acastóra in ord reatha | [uimhir] kg | T | T | N | T | T |
| 4.5.3.2 | Marbhualach acastóra an ghnáthphálasta | [uimhir] kg | T | T | N | T | T |
| 4.5.3.3 | Marbhualach acastóra an ghnáthphálasta eisceachtúil | [uimhir] kg | T | T | N | T | T |
| 4.5.3.4 | Ionad na n-acastóirí ar feadh an aonaid [rothfhad]:<br>a: Fad idir na hacastóirí<br>b: Fad ón acastóir deiridh go deireadh an phlána cúplála is gaire<br>c: fad idir an dá acastóir istigh | a [uimhir] m<br>b [uimhir] m<br>c [uimhir] m<br>Míniú ar na luachanna le haghaidh a, b agus c [teaghrán carachtar] | T | T | N | T | T |
| 4.5.5 | Mais iomlán na feithicle [i gcás gach feithicle san aonad] | [uimhir] kg | T | T | N | T | T |
| 4.5.6 | Mais in aghaidh an rotha | [uimhir] kg | T | T | N | T | T |
| **4.6** | **Iompar dinimiciúil an rothstoic** | **Ceannteideal [gan sonraí]** | | | | | |
| 4.6.4 | Cumasc an uasluais agus uasluach an chlaonta easnamhaigh ráillí dá ndearnadh measúnú ar an bhfeithicil | [uimhir] km/u – [uimhir] mm | T | T | T | T | T |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 4.6.5 | Claonas ráille | [teaghrán carachtar] ó liosta réamhshainithe | T | T | T | T | T |
| **4.7** | **Coscánú** | **Ceannteideal [gan sonraí]** | | | | | |
| 4.7.1 | Meán-luasmhoilliú uasta | [uimhir] m/s$^2$ | T | N | N | T | N |
| **4.7.2** | **Toilleadh teirmeach** | **Ceannteideal [gan sonraí]** | | | | | |
| **4.7.2.1** | **Feidhmíocht choscáin ar ghrádáin ghéara faoi ghnáthphálasta** | **Ceannteideal [gan sonraí]** | | | | | |
| 4.7.2.1.1 | Cás tagartha STI | [teaghrán carachtar] ó liosta réamhshainithe | T | T | T | T | N |
| 4.7.2.1.2 | Luas [mura léirítear aon chás tagartha] | [uimhir] km/u | T | T | T | T | N |
| 4.7.2.1.3 | Luas [mura léirítear aon chás tagartha] | [uimhir] ‰ [mm/m] | T | T | T | T | N |
| 4.7.2.1.4 | Luas [mura léirítear aon chás tagartha] | [uimhir] km | T | T | T | T | N |
| 4.7.2.1.5 | An fad ama [mura sonraítear an fad slí] [mura léirítear aon chás tagartha] | [uimhir] nóiméad | T | T | T | T | N |
| 4.7.2.1.6 | Uastoilleadh fuinnimh theirmigh an choscáin | [uimhir] kJ | T | T | T | T | N |
| **4.7.3** | **Coscán páirceála** | **Ceannteideal [gan sonraí]** | | | | | |
| 4.7.3.3 | Grádán uasta ar a gcuirtear bac gluaiseachta ar an aonad leis an gcoscán páirceála, agus gan aon choscán eile ag gníomhú [má tá coscán páirceála san fheithicil] | [uimhir] ‰ [mm/m] | T | T | N | T | N |
| 4.7.3.4 | Coscán páirceála | [Athróg Boole] T/N | N | N | T | N | N |
| **4.7.4** | **Córais choscánaithe atá feistithe ar an bhfeithicil** | **Ceannteideal [gan sonraí]** | | | | | |
| **4.7.4.1** | **Coscán srutha guairneáin** | **Ceannteideal [gan sonraí]** | | | | | |
| 4.7.4.1.1 | An bhfuil coscán riain srutha guairneáin feistithe | [Athróg Boole] T/N | T | T | N | T | T |
| 4.7.4.1.2 | An bhfuil féidearthacht ann cosc a chur ar úsáid an choscáin srutha guairneáin [baineann leis an gcás amháin ina bhfuil coscán riain srutha guairneáin feistithe] | [Athróg Boole] T/N | T | T | N | T | T |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **4.7.4.2** | **Coscán maighnéadach** | **Ceannteideal [gan sonraí]** | | | | | |
| 4.7.4.2.1 | An bhfuil coscán riain maighnéadach feistithe | [Athróg Boole] T/N | T | T | N | T | T |
| 4.7.4.2.2 | An bhfuil an fhéidearthacht ann cosc a chur ar úsáid an choscáin riain maighnéadach [baineann leis an gcás amháin ina bhfuil coscán maighnéadach feistithe] | [Athróg Boole] T/N | T | T | N | T | T |
| **4.7.4.3** | **Coscán athghiniúnach [i gcás feithiclí a oibríonn trí tharraingt leictreach amháin]** | **Ceannteideal [gan sonraí]** | | | | | |
| 4.7.4.3.1 | An bhfuil coscán athghiniúnach feistithe | [Athróg Boole] T/N | T | N | N | T | T |
| 4.7.4.3.2 | An bhfuil an fhéidearthacht ann cosc a chur ar úsáid an choscáin riain maighnéadach [baineann leis an gcás amháin ina bhfuil coscán maighnéadach feistithe] | [Athróg Boole] T/N | T | N | N | T | T |
| 4.7.5 | Coscán éigeandála: Fad coscánaithe agus próifíl luasmhoillithe i gcás gach staid ualaigh in aghaidh an uasluais deartha | [uimhir] m<br>[uimhir] m/s$^2$ | T | T | N | T | N |
| 4.7.6 | Le haghaidh oibriú ginearálta: Céatadán an mheáchain coscánaithe [lambda] nó Mais choscánaithe | Lambda [%]<br>[uimhir] tona | T | T | T | T | N |
| 4.7.7 | An príomhchoscán:<br>Agus an príomhchoscán ag feidhmiú ag an uasleibhéal: Fad coscánaithe, Uas-luasmhoilliú, i gcás staid ualaigh 'mais deartha an ghnáthphálasta' ag an uasluas deartha. | [uimhir] m<br>[uimhir] m/s$^2$ | T | T | T | T | N |
| 4.7.8 | Córas cosanta i gcás sleamhnú rotha | [Athróg Boole] T/N | T | T | T | T | N |
| **4.8** | **Airíonna geoiméadracha** | **Ceannteideal [gan sonraí]** | | | | | |
| 4.8.1 | Fad na feithicle | [uimhir] m | T | T | N | T | N |
| 4.8.2 | Íosmhéid trastomhas rotha inseirbhíse | [uimhir] mm | T | T | T | T | T |
| 4.8.4 | An acmhainn i dtaca le híosgha an chuair chothrománaigh | [uimhir] m | T | T | N | T | T |
| 4.8.5 | An acmhainn i dtaca le híosgha an chuair dhronnaigh cheartingirigh | [uimhir] m | T | T | T | T | N |
| 4.8.6 | An acmhainn i dtaca le híosgha an chuasaigh cheartingearaigh | [uimhir] m | T | T | T | T | N" |